Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Nollaig 2020
(OR. en)

13709/20
ADD 3

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0345(COD)**

ECODEX 2
EJUSTICE 103
JUSTCIV 147
JAI 1070
COPEN 368
DROIPEN 117
IXIM 132
DATAPROTECT 146

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Nollaig 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2020) 542 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le córas ríomhairithe le haghaidh cumarsáid in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2020) 542 final.

Faoi iamh: SWD(2020) 542 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.12.2020
SWD(2020) 542 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh**
**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le córas ríomhairithe le haghaidh cumarsáid in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726**

{COM(2020) 712 final} - {SEC(2020) 408 final} - {SWD(2020) 541 final}

GA GA

## Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair maidir le córas ríomhairithe le haghaidh cumarsáide in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann (Cumarsáid r-Cheartais trí mhalartú sonraí ar líne – an córas e-CODEX)

### A. An gá atá le beart

**Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?**

Córas TF le haghaidh comhar breithiúnach trasteorann is ea e-CODEX, lenar féidir le húsáideoirí, bíodh siad ina n-údaráis bhreithiúnacha, ina gcleachtóirí dlí nó ina saoránaigh, doiciméid, foirmeacha dlí, fianaise nó faisnéis eile a sheoladh agus a fháil go slán. D'fhorbair cuibhreannas de 21 Ballstát AE e-CODEX idir 2010 agus 2016 le maoiniú ón Aontas ón gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (CIP) – an Clár Tacaíochta Beartais Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide. Bhain na Ballstáit úsáid as an gcóras ar bhonn deonach i nósanna imeachta amhail an tOrdú Íocaíochta Eorpach nó an Nós Imeachta Eorpach um Éilimh Bheaga. Arae, chun cothabháil, éabhlóid agus leathnú amach an chórais chuig nósanna imeachta breithiúnacha eile a áirithiú chuig nósanna imeachta breithiúnacha eile an chórais, ba cheart teacht ar réiteach chun a mhaoiniú ceart agus a inbhuanaitheacht a áirithiú. Réamhriachtanas is ea é sin freisin le go nglacfadh na Ballstáit nár úsáid go fóill é an córas. Tá an Córas r-Fhianaise um Malartú Digiteach (eEDES) á fhorbairt cheana féin ag an gCoimisiún, agus e-CODEX á úsáid aige mar chainéal cumarsáide. Táthar ag súil leis go nascfaidh na Ballstáit le eEDES faoi 2021. Is é e-CODEX an réiteach bogearraí is dóichí a úsáidfear chun an córas TF díláraithe a bhunú i gcomhthéacs na rialachán maidir le doiciméid a sheirbheáil agus fianaise a ghlacadh. Dá mba rud é nach ndéanfaí bainistiú inbhuanaithe ar e-CODEX, d'fhéadfadh sé an obair sin a chur i mbaol, maidir leis na nósanna imeachta go léir atá ag baint úsáide as an gcóras seo cheana féin i gcomhthéacs píolótach chomh maith.

**Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?**

Cuspóir ginearálta is ea é feidhmiú éifeachtúil limistéir choitinn saoirse, slándála agus ceartais a chur chun cinn tríd an úsáid is fearr is féidir a bhaint as nósanna imeachta breithiúnacha a áirithiú. Córas coiteann le haghaidh na cumarsáide ar líne agus é saincheaptha le haghaidh na n-údarás breithiúnach, tá sé fíor-riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach. Rud is sonraí fós, is é is aidhm don tionscnamh neamhéifeachtúlachtaí sa chumarsáid trasteorann a chosc trína áirithiú go gcoinnítear an córas e-CODEX ar bun go hinbhuanaithe agus an éifeachtúlacht a fheabhsú trí úsáid níos leithne an chórais e-CODEX a áirithiú.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?**

Is fearr is féidir sásra a bhaint amach le haghaidh malartú slán faisnéise trasteorann in imeachtaí breithiúnacha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, ó tharla gur gá réiteach a fháil a bhfuil glacadh uilíoch leis. Mura ndéanfaidh an tAontas beart, tá baol ann go bhforbróidh na Ballstáit córais náisiúnta go neamhspleách, rud as a n-eascródh easpa idir-inoibritheachta idir na córais. Cé go bhfuil costas ag baint leis an gcóras a choinneáil ar bun ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, is é an t-aon bhealach amháin é le córas idir-inoibritheach a bhaint amach le haghaidh cumarsáid trasteorann idir údaráis bhreithiúnacha.

### B. Réitigh

**Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Rinneadh roinnt roghanna reachtacha agus neamhreachtacha a mheas. Cuireadh roinnt roghanna i leataobh go luath sa phróiseas: An rogha chun eintiteas dlíthiúil ar leith a chruthú, cuireadh i leataobh í ar an ábhar go mbeadh beart den sórt sin díréireach i gcomparáid leis na cúraimí teoranta a thabharfaí don eintiteas. Ina theannta sin, an rogha chun córas malartach a úsáid nó a fhorbairt, cuireadh i leataobh í freisin, go príomha toisc gur léiríodh go bhfuil an réiteach e-CODEX atá ann faoi láthair an-éifeachtach agus éifeachtúil le haghaidh na nósanna imeachta ina bhfuil sé in úsáid cheana, agus tá sé réasúnta a bheith ag súil le toradh ar na EUR 24 mhilliún a infheistíodh chun e-CODEX a chruthú. Thairis sin, d'ardófaí saincheisteanna maidir le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach agus le rúndacht agus sláine na sonraí a mhalartaítear, toisc go bhféadfadh rochtain a bheith ag úinéir an réitigh, go teoiriciúil, ar na sonraí a d'aistreofaí leis an réiteach sin. Ní fhéadfaí

smaoineamh ar e-CODEX a aistriú chuig Ballstát ná chuig cuibhreannas Ballstát ach oiread, toisc gur léir gur dhiúltaigh na Ballstáit don fhéidearthacht sin. An rogha is fearr leo, de réir mar a cuireadh in iúl i roinnt conclúidí ón gComhairle, a chur faoi deara do eu-LISA go ndéanfar cothabháil éabhlóideach bhreise ar e-CODEX a áirithiú.

Faoi na coinníollacha sin, rinneadh measúnú ar dhá rogha i gcomparáid leis an gcás bunlíne, i.e. nach ndéantar aon chothabháil bhuan a mbeadh de thoradh air go rachadh e-CODEX in éag. As na roghanna sin, measadh gurbh é an rogha e-CODEX a thabhairt do Ghníomhaireacht an rogha ab iomchuí. An rogha mhalartach chun a chur faoi deara don Choimisiún a áirithiú go ndéantar e-CODEX a choinneáil ar bun, measadh nach raibh sí chomh buntáisteach céanna ós rud é go mbeadh sé níos deacra rannpháirtíocht na mBallstát a áirithiú i rialachas an chórais – rud atá tábhachtach, dar leis na Ballstáit, chun neamhspleáchas na mbreithiúna a ráthú. D'fhéadfaí gur rogha níos solúbtha a bheadh i ngníomhaireacht freisin, rud a d'fhágfadh gurbh fhearr a bheifí in ann ionchur ó pháirtithe leasmhara a chur san áireamh. Ar na gníomhaireachtaí atá ann cheana féin, is é Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) an t-aon ghníomhaireacht a bhfuil taithí ábhartha aici i mbainistiú córas mórscála TF agus ba cheart an cúram a thabhairt di e-CODEX a bhainistiú. Ionas go bhféadfar bunús dlí a ghlacadh le haghaidh e-CODEX, chomh maith le próiseas aistrithe leordhóthanach a áirithiú, bheadh ar chuibhreannas na mBallstát atá ann faoi láthair nó ar eintiteas nua leanúint de bheith ag coinneáil e-CODEX ar bun le linn na tréimhse 2021-2023.

### Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo

Tá sé curtha in iúl go sainráite gur fearr leis na Ballstáit go mór e-CODEX a aistriú chuig gníomhaireacht agus measann siad gurb é eu-LISA is iomchuí chuige sin (rud a cuireadh in iúl le déanaí i gconclúidí ón gComhairle arna nglacadh ag Comhairle CGB i mí Dheireadh Fómhair 2020).

Na páirtithe leasmhara a dhéanann ionadaíocht do na mór-eagraíochtaí gairmiúla dlí san Eoraip, chuir siad a dtacaíocht in iúl go sainráite freisin do réiteach buan don chóras e-CODEX. Agus roinnt páirtithe leasmhara ag tabhairt freagra ar an measúnú ar thionchar tionscanta, mheas siad gurb é eu-LISA an t-eintiteas is iomchuí chun an córas a bhainistiú.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

### Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?

Ó tharla gur córas fíor-riachtanach TF le haghaidh dhigitiú an chomhair bhreithiúnaigh é e-CODEX, déanfaidh sé nósanna imeachta breithiúnacha trasteorann a shimpliú agus a bhrostú. Trí éifeachtúlacht imeachtaí trasteorann a fheabhsú, rannchuideodh e-CODEX le feabhas a chur ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair Dhigitigh freisin. Bheadh tionchar dearfach ag baint le húsáid e-CODEX ar an gcomhrac i gcoinne coireachta trasteorann trí chomhar a éascú idir údaráis bhreithiúnacha in ábhair choiriúla. D'fhéadfaí cur le héifeachtúlacht na gcúirteanna náisiúnta freisin mar thoradh ar dhigitiú na nósanna imeachta.

Beidh sé d'inniúlacht ghníomhaireacht rialála de chuid an Aontais Eorpaigh, cosúil le eu-LISA, a áirithiú go gcoinneofar an córas e-CODEX ar bun go fadtéarmach. Beidh an ghníomhaireacht in ann nósanna imeachta rialachais a ghlacadh lena bhféadfar comhshamhlú pras riachtanas a dhéanamh, riachtanais a eascraíonn as pobail éagsúla, lena n-áirítear riachtanais ó na Ballstáit agus ó úsáideoirí e-CODEX.

### Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?

Le táthcheangal na gcúraimí atá á ndéanamh faoi láthair ag cuibhreannas e-CODEX na mBallstát, beidh costais i gceist ar bhuiséad an Aontais. Is fiú EUR 9.667 milliún costais iomlána 2022-2027 (EUR 1.611 milliún in aghaidh na bliana ar an meán). Áirítear ar na costais na hacmhainní daonna breise atá ag teastáil le haghaidh na ngníomhaíochtaí a bheidh le déanamh ag eu-LISA agus ag an gCoimisiún. Ag eu-LISA, cuirfear tús le hearcú acmhainní inmheánacha amhail ón 1 Meán Fómhair 2022 agus beidh dhá phost CA ann. Amhail ón 1 Eanáir 2023, ba cheart 2 GT agus 3 CA san iomlán a bheith ag eu-LISA, lena n-áiritheofar na príomhfheidhmeanna maidir le e-CODEX. Ina theannta sin, ní mór don Choimisiún (an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí) a bheith páirteach i rialachas beartais obair eu-LISA a sholáthar, i bhfaireachán a dhéanamh ar an nGníomhaireacht, agus in ullmhú na ngníomhartha riachtanacha cur chun feidhme a shainordófar leis an Rialachán. Rinneadh post reachtúil amháin sa bhreis a bhuiséadú lena aghaidh sin ó 2022.

| **Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** |
|---|
| Bainfidh FBManna agus micrifhiontair tairbhe as digitiú na nósanna imeachta breithiúnacha arna gcumasú le e-CODEX. A bheith in ann éilimh a chur faoi bhráid na gcúirteanna ar líne, mar shampla i gcur i bhfeidhm ordú íocaíochta Eorpach nó éilimh faoin nós imeachta le haghaidh éilimh bheaga, déanfar costais a spáráil ó thaobh postais de agus spárálfar costais mar thoradh ar nósanna imeachta níos éifeachtúla agus níos gairide. Ní bheidh aon chostas breise ar FBManna (ná ar oibreoirí eile) tar éis e-CODEX a chur chun feidhme le haghaidh nós imeachta dlíthiúil ar leith. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Is féidir a bheith ag súil le tionchair dhearfacha ar chumas na n-údarás breithiúnach náisiúnta obair i gcomhar lena gcuntraphháirteanna i mBallstáit eile. Mar shampla, d'fhéadfadh an córas e-CODEX forfheidhmiú fíneálacha neamhíoctha i gcionta tráchta i gcoinne cónaitheoirí eachtrannacha a éascú.<br><br>Beidh costais ag baint le suiteáil agus úsáid e-CODEX ar na Ballstáit sin nach bhfuil an tsuiteáil déanta go fóill acu. Níor cheart go mbeadh an costas níos airde ná 80-100 daonlá in aghaidh an imscartha. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** 6 líne ar a mhéad |
| An leathnú ar úsáid bhreise a bhaint as córas TF amhail e-CODEX chun nósanna imeachta dlíthiúla a chumhdach, d'fhéadfadh sé acmhainní nádúrtha a spáráil trí úsáid páipéir a laghdú. D'fhéadfadh úsáid laghdaithe seirbhísí iompair le haghaidh seachadadh poist tionchar dearfach a imirt ar an gcomhshaol freisin. Táthar ag súil leis an éifeacht iarmharta go ndéanfar an riarachán náisiúnta a dhigitiú freisin, ós rud é go bhféadfaí an réiteach e-CODEX a ghlacadh go náisiúnta chomh maith, agus ní le haghaidh cásanna trasteorann amháin. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** 4 líne ar a mhéad |
| Trí bliana tar éis e-CODEX a aistriú chuig eu-LISA agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar a mhéid a bhí sé ina réiteach éifeachtach. Ar bhonn na meastóireachta sin, déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis an obair leantach iomchuí. |